



Tráth ceiliúrtha agus tráth aire



Urnaithe Idirghuítcheacha

Photo: see credits

Arna chur le chéile ag Catherine Brennan SSL do Eaglaisí le Chéile, An Bhreatain Mhór agus Éire

Cuid 1

Is naofa tú, a Dhia; tá an domhan uile lán le do ghlóire; cabhraigh linn chun gur féidir linn maireachtáil lenár dtimpeallacht.

Go gcloise an Tiarna sinn

Freagra: Éist go mánla linn a Thiarna.

Íosa, thug tú grá don talamh agus do ghoirt na mbláthanna; beannaigh ar fheirmeoirí agus ar gharraíodóirí agus orthu siúd a chothaíonn an chré.

Go gcloise an Tiarna sinn

Freagra: Éist go mánla linn a Thiarna.

Íosa, mhol tú do do leantóirí taisteal ar ualach éadrom; athraigh na luacha lárnacha i gcultúr ár sochaí ábharáí, chun nach mbeidh sé ag teacht salach ar an mbeatha.

Go gcloise an Tiarna sinn

Freagra: Éist go mánla linn a Thiarna.

A Dhia, táimid go léir mar aon ionatsa, agus is féidir lenár ngníomhartha an t-iomlán a athrú; nocht dúinn a fhurasta agus d'imreofaí tionchar ar an domhan chun maitheasa nó chun donais le focal, smaoinemh nó gníomh.

Go gcloise an Tiarna sinn

Freagra: Éist go mánla linn a Thiarna.

Is go míchothrom a dháiltear torthaí an domhain; bímis ag tnúth le hardú a thabhairt dóibh siúd atá i ngátar. Go maothaítear croíthe na ndaoine a chuireann brabach pearsanta nó náisiúnta roimh fholláine an iomláin.

Go gcloise an Tiarna sinn

Freagra: Éist go mánla linn a Thiarna

Thug tú dínit úr don chruthú uile ó tháinig tú i gclí; múin dúinn ómós síoraí a bheith againn don chruthú fairsing chomh maith lena bheith sásta freagracht a ghlacadh as a chothabháil.

Go gcloise an Tiarna sinn

Freagra: Éist go mánla linn a Thiarna

Sagart/Ceannaire: A Dhia ardsoláthrach, tugann tú bronntanais mhaithe go mánla dúinn go léir. Múin dúinn aire a thabhairt dár ndomhan: ár gcré a threabhadh go cúramach, ár n-aer a choimeád glan, ár n-uiscí a shaoradh ón dtruailiú, teas na gréine a tharlú, agus meas a léiriú do chearta na speiceas go léir. Go roinnimid bronntanais do mhaitheasa le cách. Iarraimid é seo ort, a Dhia an domhain, trí Chríost ár dtiarna. Áiméan



Cuid 2

Is uait a thagann an cruthú uile, a Dhia, agus tá cuireadh fial tugtha agat dúinn chun a bheith mar chaomhnóirí air. Tabhair dúinn fíis le go bhfeicimid lorg do lámhe i ngach aon chréatúr.

Guímis go gcloise Dia sinn

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don chruthú uile

A Chríost, ár solas, umhlaíonn do shimplíocht sinn; taispeáin dúinn slite cruthaitheacha chun maireachtáil go simplí agus chun ár n-acmhainní a choimeád do na glúine atá le teacht.

Guímis go gcloise Dia sinn

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don chruthú uile

Spiorad Dé, cothaíonn tú dul chun cinn, déanann tú gach ní a athnuachan. Tabhair dúinn an fhís atá de dhíth le forbairt chun feabhais a dhéanamh ar an domhan, seachas dochar a dhéanamh dár n-oidhreacht ríthábhachtach.

Guímis go gcloise Dia sinn

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don chruthú uile

Is iad an bháisteach agus na scamaill do bhronntanais bheatha, a Dhia; múin dúinn conas uiscí an domhain a úsáid agus a chothú.

Guímis go gcloise Dia sinn

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don chruthú uile

A Spiorad, a Dhúileamh, déanann tú an domhan a mhaisiú le teacht agus imeacht gach aon séasúir; spreag ionainn d'aire agus do ghrá dá maireann agus tú i mbun ár gcroíthe a ardú le dathanna agus le hionadh.

Guímis go gcloise Dia sinn

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don chruthú uile

Guímid leo siúd a théann i ngleic leis an timpeallacht, lucht athchúrsála, agus leo siúd a chothaíonn agus a tharlaíonn torthaí an domhain, agus a thugann aire dóibh. Go dtacaítear leo ina n-iarrachtaí an domhan a chothú do na glúine atá le teacht, chun go dtabharfaidh torthaí ár dtailte dóthain bia do chách.

Guímis go gcloise Dia sinn

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don chruthú uile

Sagart/Ceannaire: A Dhia, chruthaigh tú nithe beaga agus nithe móra, agus síntear d'aire amach chun freastal ar chách. Cabhraigh linn do láithreacht chothabhálach a fheiceáil gach uile áit. Múin dúinn an saol cúramach, ag roinnt bhronntanas an chruthaithe le sonas agus le sásamh. Bronn an méid seo orainn trí íosa, briathar an bheatha, a mhúin an tslí mharthana. Áiméan.



Cuid 3

A Dhia fhairsing, is álainn le do chroí do chuid créatúr ar fad; cabhraigh linn meas a léiriú ar éagsúlacht shaibhir an domhain, agus chun a bheith ag roinnt lena chéile agus leis na créatúir bheo uile ar shlíte cúramacha.

Guímis go gcloise Dia sinn

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don chruthú uile

A Íosa Críost, sheol tú do chuid leantóirí chun an creideamh a shoiscéalú; go bhfaighe gach aon duine agus gach aon chréatúr taithí ar do ghrá agus do chóir trí mheán na ndaoine a chraobhscaoileann do bhriathar.

Guímis go gcloise Dia sinn

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don chruthú uile

Lig do do Spiorad titim ina bháisteach ar ár n-uiscí, agus orthu siúd atá ceaptha cinntí a dhéanamh ar ghlaine ár bhfarraigí, ár n-aibhneacha agus ár lochanna.

Guímis go gcloise Dia sinn

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don chruthú uile

Guímis leo siúd atá tar éis fulaingt de bharr gorta. Bain an gorta dár ndomhan agus múin dúinn conas acmhainní a roinnt.

Guímis go gcloise Dia sinn

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don chruthú uile

Trí eolaithe agus trí scoláirí, tagann eolas úr chun solais; go gcuire sé le caighdeán marthana an uile duine agus an uile créatúir ar a mbealach chuig an tsláine.

Guímis go gcloise Dia sinn

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don chruthú uile

Is foghlaithe an domhan, agus tá sé saibhir lena éagsúlacht speiceas i mbaol díobhaidh. Tá sé ag glao ar chneasú. Cabhraigh linn a bheith mar uirlisí chuig an gcnéasú sin.

Guímis go gcloise Dia sinn

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don chruthú uile

Sagart/Ceannaire: A Dhia an ghrá, thug tú dúinn an domhan seo atá lán le do chuid bronntanas. Cuir sinn i dtreo ómóis do do chruthú, ag léiriú measa do na speicis eile, agus do dhínit na dúile, le gur féidir leis an gcruthú uile maireachtáil leatsa, trí bhith síor. Áiméan

Photo credits

 [Jake Khuon](#), [Justin Beck](#), [Moni Sertel](#), [Isidro Vila Verde](#)